Ní cara acht cara na héigne
[RIA 20 (23/M/30), 446]
Eóghan mac Donnchaidh Mhaoil Mhéig Craith cecinit
[Séadna, Dán Díreach]

1 Ní cara acht cara (acht) na héigne
a Athair ghrádhaicc gabh rinn
éist ár nguídhe gabh ár n-éagnach
glan ón uile éagcruinn [leg. éagcruth] inn.
2 Teadhma ár ccuirp is créachta ár n-anmann
a Ísosa Críost congaimh uainn
ós tú mo liaigh a fhlaith neimhe
craith a chiaigh dom chroidhe chruaidh.
3 Tug damh sruith d'aithríghe fíorghloin
am ainmhiann 's a n-íoc mo luit
go mboga sé cruaidh(e) mo chr(o)idhe
a uain Dé lé dile dhuit.
4 Admhuim ár ccoir cuingim díolghadh
ar dhéirc nó ar ghrádh gabh rinn
nocha ceist ort a Dhé a dhéanamh
gídh olc mé ná heinidh inn.
5 Mé an bocht ag bualadh an doruis
a Dhé a Athair osgail roinn
bíodhbaidh báis ar mo thí ar talmhuin
a rí(gh) an ghrais ná-m damnaidh doibh.
6 Ó thrí heascáirdibh na hanma
ad h'onóir féin fortuig mé
druid uaim an bíodhbaidh 'gá mbím-si
a uain ionmhuin dílis [leg. dílse] Dé.
7 Tú ro-m thosnuig[h] tú ró-m cheannaicc[h]
cóir mo mhúnadh a mheic Dé
tú a-mháin mo ríghnia(dh) gan rúinneimh
a fhírDhia an ghráidh múin[igh] mhé
8 Mar do fhuilngis d'íoc ar mbroide
dá bhior na mbos bior na mbonn
íocaidh ár saoth d'áis nó d'éigion
gaoth an bháis ag séidedh sonn.
9 Do chuiris teachta ón éag or[a]m
a Ísosa bhúidh beannaicc[h] sinn
mo mhiann mo tho(i)l teacht [do]t féachuin
ar son mh'olc ná héinicc inn.
10 Róbheag ár maith mór ár ccionnta
a ccúirt do ghras glaodhuim o[i]r(ui)bh
ní féider don cheart mo chabhair
reacht éididh dom fholaidh o[i]r(ui)nn.
11 Iomdha foghlach [leg. -dh] mór mur misi
dár mhaithis a choir san chrois
tugais ón tonnmhuir mhóir Maoisi
saor [leg. fóir?] an foghlach [leg. -aidh] naoi(dh)-si a-nnois.

12 Do shaorais Isaac ón íodhbairt
Ionas a broinn an mhíl mhóir
Nóe ón dílinn a Dhúilimhˢ
síthfhill mur Phólʳ rúinneimh roinn.
13 Tú rí(gh) naomhtha nimhe is talmhan
tú áirdrí(gh) ifrinn gan ghó
té[i]d do chlú chéim tar an ndomhan
tú féin an moladh as mó.
14 Dá ní ós chionn cheille daonna [447]
do dhaonnacht do dhiadhacht shoirbh
róbheag gud ghras guais an domhuin
gan tásg cruais ná omha[i]n o[i]r(ui)bh.
15 Ní thiocfa(idh) do theangthaibh domhuin
do dhíol molta a modhuibh ríogh
tú ad h'aon 's ad thriar 's at fhíorDhia
as tú riamh ríoghnia(dh) na ríogh.
16 Ní féider áiriomh do chomhacht
creidim gur tusa thú féin
tú an tí do chruthaigh an chruinne
rí(gh) suthain na ruire réil.
17 Milleán millte ós cionn ár cceille
do-chuaidh do chómhacht a Dhé
's do ghrás tar dhorsuinn na ndaoine
cosmhuil réd bhás Aoine é.
18 Daingnidh mo dhóchus ad ghrásaibh
léd ghradh léd h'eagla a uain Dé
múin damh an dán-so [leg. dann-so?] do ghuídhe
gabh mur almsa ó Mhuire mé.
19 Ní curtha a comhacht a n-iongna
inghion dá mac Máthair Dé
sé leanbhdha mur mhac ag Muire
brat neámhdha na n-uile é.
20 Deiredh dána Dé dá Mháthair
measuim féin nách foláir dí
cóir do ghnáthaig mé do Mhuire
máthair Dé na n-uile í. Ní...